

An tÚdarás Eorpach Urrús agus Margáí

Tuarascáil Bhliantúil 2011

Clár na nÁbhar

Focal ón gCathaoirleach	3
Focal ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin	6
Ról agus Cuspóirí ÚEUM	8
Rialachas ÚEUM	9
Cuspóirí ÚEUM	10
ÚEUM Bliain níos faide anonn – Ábhair, Cúraimí agus Mórghníomhartha	14

Focal ón gCathaoirleach

Is mór agam an Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Eorpach Urrús agus Margáí (ÚEUM) do 2011 a chur i láthair, an chéad bhliain againn i mbun oibríochtaí.

Bliain ba ea í inar tharla go leor, chomh fada is a bhain sé linne, mar Údarás Eorpach Maoirseachta (ÚEM) nua, agus le margáí airgeadais na hEorpa. Nuair a ghabh ÚEUM chuige a ról mar rialtóir Eorpach um margáí urrús an 1 Eanáir 2011, bhí na margáí sin éagobhsaí, bail a chuaigh chun donais níos deireanaí sa bhliain nuair a thit an luach go mór ar na margáí Eorpacha.

Gan bheann ar bhail mhargáí airgeadais na hEorpa, áfach, ról soiléir ba ea an ról a sannadh do ÚEUM agus creidim go rabhamar inchurtha leis an dúshlán a bhí tugtha ag an Aontas Eorpach (AE). Baineadh amach an méid sin mar go rabhamar i mbun faireachais ar an margadh ar fud na hEorpa, i ndlúthchomhar leis na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla (ÚNI), gur bhunaíomar comhordú treisiúil lenár n-údaráis ghaolmhara, an tÚdarás Eorpach Baincéireachta (ÚEB), an tÚdarás Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpach (ÚÁPGE) agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), chun an tiomargadh riosca a aithint. Bhain obair ÚEUM freisin leis na píosaí éagsúla den reachtaíocht nua a bhaineann leis na margáí airgeadais a chur chun feidhme; ceapadh iad chun dul i ngleic le roinnt de na heasnaimh i rialú agus i maoirseacht na margáí airgeadais ar tharraing an ghéarchéim airgeadais aird orthu.

Ó tharla gur chuir ÚEUM tús, i gcomhar leis na comhlachtaí agus na maoirseoirí Eorpacha nua eile ar leibhéal náisiúnta, leis an bpróiseas fada a bhaineann le reachtaíocht a athrú, agus lena chur chun feidhme, b'ionann sin agus freagra cuimsitheach a bheith tugtha ag an Eoraip ar an ngéarchéim airgeadais. Is é mo bharúil phearsanta féin le bunú ÚEUM go bhfuil tús curtha le ré nua ina mbreathnófar i ndiaidh an chaoi a dtabharfar cosaint d'infheisteoirí, agus go n-áiritheofar go mbeidh na margáí ar fud an Aontais Eorpaigh ag feidhmiú go maith agus go mbeidh siad cobhsaí. Tugann an t-aiseolas dearfach agus an tacaíocht a fuair mé sa 12 mí seo caite agus mé i mo Chathaoirleach ar ÚEUM dóchas dom go bhfuilimid ar an mbóthar ceart chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Le cois a ról i ndéanamh agus i gcomhordú rialacha, is é ÚEUM an t-aon ÚEM a bhfuil freagrachtaí maoirseachta díri á bhfeidhmiú aige i leith rannpháirtithe na margáí. Feidhmíonn sé iad seo sa réimse ríthábhachtach sin, maoirseacht na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa (GRCanna), nach raibh faoi réir rialacháin roimhe seo. Ó Iúil 2011 i leith,

is é ÚEUM an t-aon mhaoirseoir um GRCanna san AE agus ní mór d'aon ghníomhaireacht rátála creidmheasa a dteastaíonn uaithi gnó a sheoladh anseo iarratas ar chlárú a chur chuigesean. I 2011, chláraigh ÚEUM 16 GRC san iomlán, lenar áiríodh príomhghníomhaithe an mhargaidh amhail Fitch, Moody's agus Standard & Poor's, agus ina theannta sin chláraigh sé raon de sholáthraithe rátálacha eile atá ag feidhmiú san AE. Éacht ann féin é na GRCanna a thabhairt faoi mhaoirseacht Eorpach agus is réamhriachtanas é do phróiseas rátála níos fóna a chuideoidh le feidhmiú níos fearr ó na margáí. Lena áirithiú go mbeidh na rialacha nua maidir le trédhearcacht, neamhspleáchas agus rialachas inmheánach á gcomhlíonadh go leanúnach ag na GRCanna, rinne ÚEUM freisin a chéad chigireachtaí ar an láthair i Nollaig 2011 agus, cé nach raibh iontu sin ach an chéad chéim i gcur chun feidhme réim formhaoirseachta na GRCanna, is gné rialta den obair mhaoirseachta a dhéanfaimid san earnáil seo den mhargadh a bheidh iontu.

Cé gur réimse iad na GRCanna a raibh sé tábhachtach don Údarás díriú orthu ina chéad bhliain dó, ní raibh ann, áfach, ach cuid den raon leathan gníomhaíochta ar tugadh fúithi i rith na bliana. Áiríodh leis na buaicphointí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail na rialacha iompair beartaithe do ghnóthlachtaí a bhíonn ag gabháil don Trádáil Ardmhínicíochta (TA) agus díol cistí infheistíochta struchtúraithe nó Cistí arna dTrádáil ar an Malartán (CTM), agus an obair bheartais ar na rialacha nua sin ón AE ar gá do ÚEUM comhairle a thabhairt agus caighdeáin theicniúla a sholáthar ina leith. Go deimhin féin ba chosúil, uaireanta, gur muid an rialtóir um acrainmneacha don reachtaíocht urrús agus muid tumtha ina leithéidí seo de ghiorrúcháin - MiFID II, EMIR, UCITS, AIFMD agus GRC III.

Creidim go ndearna ÚEUM riar maith oibre i 2011 lena dhintiúir a leagan síos i ndáil le ceann dár bpríomhchuspóirí, is é sin a bheith gníomhach i ndáil le feabhsú i gcosaint na n-infheisteoirí san AE, trí líon áirithe gníomhartha a dhéanamh dírithe ar mhargáí fóna agus athléimneacha a chothú mar a mbeidh an fhaisnéis is gá ag infheisteoirí chun cinntí infheistíochta feasacha a dhéanamh. Agus dálaí margaidh mar atá faoi láthair tá fonn ar infheisteoirí deiridh fós na fáltais is airde is féidir a fháil, rud a thugann isteach iad i réimsí nár chleacht siad. Mar fhreagra ar an tóir a bhí ag teacht ar dhornán amháin de tháirgí den sórt, d'eisigh ÚEUM an chéad rabhadh riamh a tugadh d'infheisteoirí san AE faoi na rioscaí a bhain le bheith ag infheistiú i dtáirgí malairte eachtraí.

Ní hiad na hinfeisteoirí deiridh an t-aon dream a dteastaíonn cosaint uathu. Dá bhrí sin, nuair a bhíodas inníoch an fómhar seo caite faoi na torthaí a d'fhéadfadh a bheith le ráflaí agus le díol folamh, chomhordaigh agus chomhchuibhgh an tÚdarás an obair a bhain le toirmisc a thabhairt isteach ar ghlansuíomhanna gearra in institiúidí airgeadais ar líon áirithe

de mhargaí Eorpacha. Ina theannta sin, d'eisigh an tÚdarás ráitis faoin gcaoi cheart le rialacha cuntasáochta a chur i bhfeidhm nuair a bhítear ag déileáil le fiachas ceannasach. Ba mhaith liom freisin an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil leis na daoine go léir a chinntigh go n-éireodh go maith le ÚEUM i 2011. Mo bhuíochas le mo chomhghleacaithe in údaráis náisiúnta an AE a threoraigh, ina gcáil dóibh mar chomhaltaí ar an mBord Maoirseoirí, obair ÚEUM ar na saolta corracha seo. Agus tá buíochas tuillte ag mo chomhchomhaltaí ar an mBord Stiúrthóirí as a ndúthracht agus a ndíograis agus iad ag leagan ar an Údarás a rith, lena n-áirítear clár oibre ilbhliantúil a chur i dtoll a chéile, buiséadú agus acmhainní foirne.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do bhaill foirne uile ÚEUM as a dtiomantas i gcaitheamh na bliana seo caite, agus as an sárchaighdeán oibre a rinne siad thar ceann na heagraíochta le cuspóirí an Údaráis maidir le cosaint na hinfheistíochta a fheabhsú agus le margaí airgeadais cobhsaí agus ar dhea-fheidhmiú a threisiú san AE.

Táim ag tnúth le bheith i gceannas ar an bhfoireann seo d'Eorpaigh dhíograiseacha, foireann atá fós ag fás.

Steven Maijoor

Cathaoirleach

An tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí

Focal ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Anuraidh a bunaíodh an tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí nua. Táimse, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, bródúil go bhfuil ar mo chumas tuairisc a thabhairt ar an gcéad bhliain thábhachtach ag ÚEUM ag feidhmiú.

Dúshlán ann féin i gcúinsí ar bith tabhairt faoi Údarás Eorpach nua a bhunú, ach bunaíodh ÚEUM tráth a raibh deacrachtaí sna margaí airgeadais Eorpacha agus tráth ar tháinig borradh suntasach faoi thionscnaimh reachtacha mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais. Ina theannta sin, ba ríghéarr an t-achar a bhí ann ó rinneadh an cinneadh deiridh an tÚdarás, agus a Chomhúdaráis Eorpacha Maoirseachta a bhunú, i Meán Fómhair 2010 agus an chéad lá ar tosaíodh ag feidhmiú an 1 Eanáir 2011.

Caitheadh na míonna tosaigh ag dearadh agus ag leabú bonn oibríochta agus nósanna imeachta an Údaráis nua, lena n-áirítear nósanna imeachta cinnteoireachta, an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a roghnú, mar aon leis na nósanna imeachta tosaigh airgeadais agus AD. De bhreis ar na dúshláin riaracháin seo a bhí ann i dtús ama bhog ÚEUM a oifigí trasna na Séine go dtí a cheanncheathrú nua i 7^ú arrondissement Pháras.

D'éirigh leis an Údarás go leor dá chuspóirí nua a chur i gcrích sa chéad bhliain dó ag feidhmiú. Ba é an príomhchuspóir, i dtréimhse iomlán na hidirlinne, na hoibríochtaí a bheith fíoréifeachtach go seasta – ionas go bhféadfaí spriocanna tábhachtacha a bhaint amach, ar spriocanna iad a bhí leagtha amach inár gclár oibre uailmhianach i leith toradh an bheartais a chur i bhfeidhm agus tús a chur le maoirseacht dhíreach ar na GRCanna, chomh maith le cosaint na n-infheisteoirí, cobhsaíocht airgeadais agus gníomhaíochtaí um chóineasú.

Ó thaobh leagan amach oibríochtaí de, chomhchuimsigh ÚEUM 35 ball foirne ó CRUE (Coiste na Rialtóirí Urrús Eorpach) i dtús 2011, ach bhí an líon sin ardaithe go 60 faoi dheireadh na bliana mar thoradh ar earcaíocht i réimsí uile na heagraíochta. Rinneadh athstruchtúrú ar an leagan amach inmheánach ar theacht an Chathaoirligh nua agus ar mo theacht féin mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin in earrach/samhradh na bliana 2011 agus leis sin bunaíodh líon áirithe rannán agus aonad nua a léiríonn na freagrachtaí dlíthiúla atá ar ÚEUM. B'éigean líon áirithe ceapachán tábhachtach a dhéanamh a thacódh leis an struchtúr nua agus mar thoradh ar phróiseas fada agus cuimsitheach roghnóireachta roghnaíodh líon áirithe iarrthóirí ardoilte agus cumasacha chun dul i gceannas ar na réimsí nua; ba rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, comhlachtaí rialála agus an earnáil phríobháideach a gcúlraí.

D'fhág sé sin go raibh bonn láidir bainistíochta faoin eagraíocht ón bhfómhar ar aghaidh, rud a neartaigh ar a chumas cúram a dhéanamh dá fhreagrachtaí.

Ina cháil dó mar ghníomhaireacht AE, is gá do ÚEUM a áirithiú go leanfaidh a nósanna imeachta airgeadais, soláthair agus nósanna imeachta eile riaracháin na rialacha diana atá leagtha síos le reachtaíocht an AE. Chuir an eagraíocht córas cuntas an AE (ABAC) chun feidhme go rathúil agus leasaigh sé na nósanna imeachta inmheánacha a bhí ann lena áirithiú go gcomhlíonfadh siad na rialacha nua seo. Taispeántar sa chéad ráiteas cuntas bliantúil ó ÚEUM do 2011, atá le hIarscríbhinn B den tuarascáil seo, go raibh ár gcaiteachas do 2011 20% faoin mbuiséad agus is toradh maith é sin agus gan ach a chéad bhliain caite ag Údarás nua de chuid an AE ag feidhmiú. Réimse amháin ina raibh ár ngníomhaíocht ar gcúl sa sceideal ba ea TF, agus ó tharla moill a bheith ar roinnt mhaith den chlár reachtach ní fhéadfaí an oiread tionscadal is a bhí beartaithe ag an tús a thosú sa bhliain 2011.

Ba mhaith liomsa freisin, mar a rinne Steven, buíochas a ghabháil le baill foirne uile ÚEUM as a saothar, a ndíograis agus as an obair mhór a rinne siad ina nduine agus ina nduine agus i dteannta a chéile ionas go n-éireodh go maith leis an Údarás ina chéad bhliain. Ba mhaith liom go háirithe buíochas a ghabháil leo siúd a bhí ar a dteannta sa tréimhse idirlinne chun an eagraíocht nua a bhunú agus a bhí ann i 2011 nuair a bhí sí ag méadú. Buíochas ar leith le Carlo Comporti a d'fhág ÚEUM i ndeireadh 2011 ach a raibh cion oibre suntasach déanta aige ó thaobh bhunú na heagraíochta de.

Verena Ross

Stiúrthóir Feidhmiúcháin

An tÚdarás Eorpach Urrús agus Margái

Ról agus Cuspóirí ÚEUM

Cosaint na n-infheisteoirí a fheabhsú agus margáí airgeadais cobhsaí agus ar dhea-fheidhmiú a chur chun cinn san Aontas Eorpach (AE) an misean atá ag ÚEUM. Ina cháil dó mar institiúid neamhspleách, cuirfidh ÚEUM an aidhm seo i gcrích trí leabhar rialacha aonair a bhunú do mhargáí airgeadais an AE agus trí na áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach é ar fud an AE. Cuidíonn ÚEUM le rialú na ngnólachtaí seirbhísí airgeadais ag a bhfuil clúdach uile-Eorpach, trí mhaoirseacht dhíreach nó trí chomhordú gníomhach na gníomhaíochta náisiúnta maoirseachta.

Saintréithe eagrúcháin ÚEUM

Sé shaintréith is ea iad seo a leanas a chuireann síos ar ÚEUM agus ar an gcaoi a gcomhlíonann sé a mhisean agus a chuspóirí.

- **Eorpach:** Is ar leas an AE a ghníomhaíonn ÚEUM agus é i mbun a chúraimí. Is léiriú í an eagraíocht ar an éagsúlacht atá san AE;
- **Neamhspleách:** Tá ÚEUM neamhspleách ar institiúidí an AE, ar údaráis náisiúnta agus ar rannpháirtithe na margáí airgeadais;
- **Comhoibrítheach:** Líonra AE de mhaoirseoirí um margáí airgeadais is ea ÚEUM agus na húdaráis náisiúnta le chéile. Comhoibríonn sé leis na comhlachtaí Eorpacha iomchuí go léir, lena n-áirítear an tÚdarás Eorpach Baincéireachta (ÚEB), an tÚdarás Árachais agus Pinsin Ghairme (ÚÁPGE) agus an Bord Eorpach um Riosca Sistémach (BERS); comhoibríonn sé freisin le rialtóirí taobh amuigh den AE;
- **Cuntasach:** Cinnteoireacht thrédhearcah í cinnteoireacht ÚEUM agus déileálann sé lena gheallsealbhóirí go hoscailte agus go cuimsitheach. Tá an eagraíocht cuntasach do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle Eorpach, don Choimisiún Eorpach agus don phobal i gcoitinne;
- **Gairmiúil:** Féachann ÚEUM le foirfeacht ghairmiúil a bhaint amach trí bhail foirne den scoth ardoilte i saineolas teicniúil, eolas agus taithí ar na margáí airgeadais a fhostú, agus trí chleachtais agus nósanna imeachta fóna a leanúint; agus
- **Éifeachtach:** Úsáideann ÚEUM a acmhainní go héifeachtach chun go mbeidh níos mó d'éifeacht aige i ndáil le cosaint na n-infheisteoirí agus le margáí cobhsaí agus ar dhea-fheidhmiú a chur chun cinn san AE.

Rialachas ÚEUM

Rialaíonn dhá chomhlacht ollmhóra chinnteoireachta ÚEUM: an Bord Maoirseoirí (BM) agus an Bord Stiúrthóirí (BS). Tá Cathaoirleach lánaimseartha ar an Údarás, Steven Maijor, agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Verena Ross. In áitreabh ÚEUM i bPáras atá an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin lonnaithe agus is téarma oifige cúig bliana atá á chur isteach acu, téarma a bhféadfar é a fhadú uair amháin. Is é an Cathaoirleach atá freagrach as obair an Bhoird Maoirseoirí a ullmhú agus is eisean a bhíonn ina chathaoirleach ar chruinniú an Bhoird Maoirseoirí agus ar chruinniú an Bhoird Stiúrthóirí araon. Is eisean freisin a dhéanann ionadaíocht go seachtrach thar ceann an Údaráis.

Is í an Stiúrthóir Feidhmiúcháin atá freagrach as gnóthaí an Údaráis a riar ó lá go lá, lena n-áirítear gnóthaí foirne, an Clár Oibre bliantúil a chur i dtoll a chéile agus a chur chun feidhme, an réamhdhréacht de bhuiséad an Údaráis a chur i dtoll a chéile agus obair an Bhoird Stiúrthóirí a ullmhú.

Bord Maoirseoirí ÚEUM

Ceannasaithe an 27 údarás náisiúnta atá ar an mBord Maoirseoirí, mar aon le breathnóirí ón gCoimisiún Eorpach, ón ÚEB agus ÚÁPGE agus BERS. Ina theannta sin, tugadh cuireadh don Iorua, don Íoslainn agus don Lichtinstéin¹ freastal mar bhuanbhreathnóirí. Treoraíonn an Bord obair ÚEUM agus is air atá an fhreagracht cinnteoireachta maidir le tuairimí, treoirlínte agus moltaí an Údaráis a ghlacadh, maidir le cinní agus caighdeáin theicniúla a eisiúint agus maidir le comhairle a thabhairt d'institiúidí an AE.

Tá liosta Chomhaltaí an Bhoird agus achoimrí a gcrúinnithe ar fáil ar láithreán gréasáin ÚEUM: www.esma.europa.eu/bos

Bord Bainistíochta ÚEUM

Seisear comhalta atá ar an mBord Bainistíochta; tá siad ar an mBord Maoirseoirí agus ba iad comhaltaí an dara Boird sin a roghnaigh iad le bheith air. Tá Steven Maijor, Cathaoirleach ÚEUM, ina chomhalta ar an mBord Stiúrthóirí agus is eisean freisin a chathaoirleach. Bíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ionadaí ón gCoimisiún Eorpach (CE) i láthair mar rannpháirtithe gan cheart vótála (ach amháin go mbeidh vóta ag an CE ar ghnóthaí buiséid).

¹ Chuir ÚMA Lichtinstéin iarraidh faoi bhráid ÚEUM tar éis do Pharlaimint Lichtinstéin dlí a ghlacadh ag leasú an Achta um Údarás Margaidh Airgeadais ('AÚMA') a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011. Is creat dlíthiúil é an AÚMA maidir le comhar agus le faisnéis a mhalartú idir an ÚMA agus a chontrapháirtithe eachtracha. Leasaigh an AÚMA go mór na sásraí cúnaimh ar féidir leis an ÚMA iad a thairiscint chun na caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh i réimse an chomhair mhaoriseachta agus na malairte faisnéise, amháin an reachtaíocht a bhaineann le ÚEUM/MCI ÚEUM agus leis an AE.

Is é príomhról an Bhoird Bhainistíochta díriú ar ghnéithe bainistíochta an Údaráis, amhail an Clár Oibre ilbhliantúil a chur i dtoll a chéile, an buiséad agus acmhainní foirne.

Tá tuairisc ar Chomhaltaí an Bhoird agus achoimrí a geruinnithe ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚEUM ar: www.esma.europa.eu/mb

An Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus um Margáí de chuid ÚEUM

Bunaíodh an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus um Margáí le Rialachán bunaitheach ÚEUM ar mhaithe le comhairliúchán le geallsealbhóirí a éascú i réimsí a bhaineann le cúraimí an Údaráis. Is gá do ÚEUM dul i gcomhairle leis an nGrúpa i ndáil lena dhréacht dá threoirlínte agus dá chaighdeáin theicniúla. Tháinig an 30 ball atá sa Ghrúpa le chéile den chéad uair in Iúil 2011 agus cheap ÚEUM iad go ceann tréimhse dhá bhliain go leith tar éis dó glao oscailte ar iarrthóirí a sheoladh. Eatarthu, ionadaithe is ea iad thar ceann rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais agus a bhfostaithe, thar ceann tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile na seirbhísí airgeadais agus thar ceann frontar beag agus meánmhéide.

I 2011, thogh an Grúpa Guillaume Prache, ionadaí tomhaltóra, ina Chathaoirleach ar an nGrúpa. Tá tacaíocht aige ó na Comhchathaoirligh Peter de Proft, ionadaí úsáideoirí na seirbhísí airgeadais, agus Judith Hardt, ionadaí rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais. Thionóil an Grúpa trí chruinniú iomlánacha i 2011, agus tá achoimrí dá chruinnithe ar: www.esma.europa.eu/smsg

Cuspóirí ÚEUM

Is ar rialáil fhónta agus éifeachtach na margáí urrús a bhraithfidh fás, sláine agus éifeachtúlacht mhargáí airgeadais agus gheilleagar an Aontais Eorpaigh (AE). Beidh an rialáil éifeachtach ríthábhachtach ionas go mbeidh rannpháirtithe an mhargaidh muiníneach agus ionas go gcothófar an muinín sin. D'fhonn na gcoinníollacha seo a chothú, bunaíodh ÚEUM ina Údarás neamhspleách de chuid an AE chun comhchuibhiú sna rialacha maoirseachta agus sna cleachtais mhaoirseachta araon a fheabhsú.

Fónann ÚEUM mar bhunaitheoir caighdeán i ndáil le reachtaíocht a bhaineann le hurrúis agus tugann sé comhairle theicniúil má fhaigheann sé sainordú ón gCoimisiún, chun go mbeidh rialacha comhchuibhithe ann agus chun go gcuirfear chun feidhme iad ar fud an Aontais. Tá ról tábhachtach aige freisin i ndáil le maoirseacht dhíreach ar ghníomhaithe airgeadais ag a bhfuil clúdach uile-Eorpach, amhail gníomhaireachtaí rátála creidmheasa faoi láthair nó stórtha trádála (ST) amach anseo.

Uirlis thábhachtach í tuarascáil bhliantúil ÚEUM chun cuntasacht a áirithiú nuair a chuirtear an obair a rinne an tÚdarás i gcóimheas lena chuspóirí agus leis an gClár Oibre bliantúil. Tá sé chuspóir a n-oibríonn sé fúthu, leagtha síos ag an Údarás dó féin ionas go mbeidh tuiscint níos fearr le fáil ar an ról atá aige; is iad sin:

Maoirseacht

Is ar aon ghrúpa amháin de rannpháirtithe ar na margaí airgeadais, is iad sin na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, atá cumhachtaí maoirseachta díri ÚEUM dírithe faoi láthair. Ó 1 Iúil 2011 i leith, is é ÚEUM an comhlacht atá freagrach maidir le clárú agus maoirseacht na GRCanna san Aontas Eorpach. Ina theannta sin, tá cumhachtaí maoirseachta díri curtha ag Rialacháin nua ón AE leis an sainordú atá ag an Údarás maidir le stórtha trádála.

Ghlac ÚEUM de chúram air féin dul i mbun maoirseachta ar rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais ag a bhfuil clúdach uile-AE, rannpháirtithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shláine mhargaí airgeadais an AE. Cuideoidh sé sin le go mbeidh na margaí airgeadais fóna agus sábháilte agus leis sin go mbeidh tacaíocht ann chun infheisteoirí a chosaint.

Leabhar Rialacha Aonair

Sa ról atá aige mar bhunaitheoir caighdeán, tá ÚEUM ag obair ar chaighdeáin theicniúla rialála chomhchuibhithe a bhunú (CTR) i réimsí éagsúla den rialáil urrús. Ó tharla go ndrachaíonn sé na caighdeáin seo, tá páirt ag an Údarás i mbunú leabhar rialacha aonair de chuid an AE a mbeidh feidhm aige maidir le rannpháirtithe uile an mhargaidh agus maidir le cothromaíocht ar fud an Aontais. Beidh an leabhar rialacha aonair mar bhunús le hardú i gcaighdeán agus i gcomhsheasmhacht na maoirseachta náisiúnta, le feabhsú agus comhsheasmhacht i gcosaint na n-infheisteoirí ar fud an Aontais agus le treisiú ar an bhformhaoirseacht ar ghrúpaí trasteorann.

Cóineasú

Bunaíodh ÚEUM ar mhaithe le cóineasú maoirseachta a chothú rud a laghdódh arbatráiste rialála a tharlaíonn mar thoradh ar chleachtais mhaoirseachta éagsúla mar nach é amháin go bhféadfadh siad sláine, éifeachtúlacht agus feidhmiú ordúil na margaí a lagú ach go bhféadfadh siad freisin sa deireadh thiar an chobhsaíocht airgeadais a lagú.

Seolann ÚEUM athbhreithnithe piaraí ar reachtaíocht reatha an AE i réimse na rialála urrús ar mhaithe le cleachtais mhaoirseachta chóra agus chothroma a chothú. Ina theannta sin, tá

líon áirithe uirlisí ag ÚEUM chun cóineasú rialála a bhaint amach, lena n-áirítear tuairimí a eisiúint agus, an nós imeachta um shárú dhlí an Aontais, dá dtiocfadh sé go dtí sin.

Tá sé d'aidhm ag an Údarás leas a bhaint as a obair um chóineasú lena ghníomhaíochtaí i réimsí eile den Chlár Oibre a chur chun cinn freisin, lena n-áirítear an leabhar rialacha aonair a fheabhsú trí threoirlínte agus moltaí a eisiúint i réimsí nach ionann na slite ina gcuirtear i bhfeidhm é agus trí chomhairle a thabhairt don Choimisiún faoi réimsí ina bhféadfadh gur ghá reachtaíocht athbhreithnithe chun cleachtais mhaoirseachta a chur i gcomhréim lena chéile.

Cosaint na n-Infheisteoirí

Thug an Rialachán lenar bunaíodh ÚEUM ról ceannasach don Údarás chun an trédhearcacht, an tsimplíocht agus an chóir sna margaí urrús a chur chun cinn ar mhaithe le tomhaltóirí táirgí nó seirbhísí airgeadais. Bailíonn ÚEUM sonraí faoi threochtaí tomhaltóra, déanann sé iad a anailísiú agus a thuairisciú lena áirithiú go mbeidh an chosaint chéanna ag infheisteoirí is cuma cá ndíoltar an táirge nó cén táirge a bhíonn á dhíol, agus cuireann sé litríocht airgeadais agus tionscnaimh oideachais chun cinn freisin chomh maith le cuidiú chun na rialacha comhchoiteanna ar nochtadh a fheabhsú.

Tá sé tábhachtach do ÚEUM a bheith i mbun monatóireachta ar ghníomhaíochtaí airgeadais nua agus orthu sin atá ann mar go dtabharfaidh sé seo deis dó a mheas cibé ar cheart treoirlínte agus moltaí a ghlacadh ag féachaint le margaí urrús sábháilte agus fóna a chur chun cinn, agus lena áirithiú go bhfeabhsófar cosaint na n-infheisteoirí ar fud an Aontais.

Má aithníonn ÚEUM táirgí ar féidir leo, de réir nádúir, a bheith ina mbagairtí tromchúiseacha d'infheisteoirí, féachfaidh sé le rabhaidh a eisiúint. Má thagann na tograí reatha maidir leis an reachtaíocht i bhfeidhm féadfaidh ÚEUM, mar rogha dheiridh, táirgí áirithe a thoirmeasc go sealadach. Díreoidh ÚEUM san obair a dhéanfar sa réimse seo ar a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis airgeadais a sholáthróidh rannpháirtithe an mhargaidh d'infheisteoirí soiléir, intuigthe agus go gcomhlíonfaidh sí na rialacha atá ann faoi láthair.

Cobhsaíocht airgeadais

Is rithábhachtach an ní é go ndéanfaidh ÚEUM anailísiú go leanúnach ar threochtaí, agus go n-éireoidh leis go luath rioscaí agus leochaileachtaí féideartha a aithint ag leibhéal micreastuamachta, thar teorainneacha agus earnálacha, chun go mbeidh ar a chumas oibriú chun cobhsaíocht airgeadais mhargaí urrús an AE a chosaint. Chuige sin tabharfaidh ÚEUM

faoi anailísí eacnamaíocha a dhéanamh ar na margáí urrús Eorpacha agus déanfaidh sé samhail den tionchar a bheadh ag forbairtí féideartha ar an margadh.

Cuirfidh ÚEUM a fhionnachtana in iúl go rialta, agus ar bhonn ad hoc más gá, do na hinstiúidí eile sa Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais, do na hÚEManna eile agus do BERS. Is ar chomhiomlánú na sonraí micreastuamachta a bheidh bailithe ag maoirseoirí a bhraithfidh sé an baol don gheilleagar i gcoitinne ó thiomargadh mhacrairioscaí féideartha a aithint. Dá bhrí sin, beidh sé ríthábhachtach na cinnteoirí riachtanacha uile a choinneáil ar an eolas go rialta, lena n-áirítear, ag leibhéal an AE, an Coiste um Sheirbhísí Airgeadais (CSA) agus an Tábla um Chobhsaíocht Airgeadais de chuid an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA-TCA) ar chucu a seolfaidh ÚEUM a thuarascálacha rialta.

An bonn eagrúcháin

Chun go gcuirfidh ÚEUM a chúraimí iomadúla i gcrích agus é ag feidhmiú mar bhunaitheoir caighdeán agus mar mhaoirseoir, ní mór dó oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil mar ghníomhaireacht AE mar go gceanglaítear air an raon iomlán de rialacha agus de nósanna imeachta an AE a chomhlíonadh. É bheith trédhearcach agus cuntasach mar eagraíocht an tiomantas atá ag ÚEUM, agus is uirlis thábhachtach í an Tuarascáil Bhliantúil seo chun míniú a thabhairt ar an gcaoi ina ndéanann an tÚdarás a chuid oibre i gcóimheas lena chuspóirí, tuarascáil ina dtaispeánann sé a chuntasacht d'instiúidí an AE agus don phobal i gcoitinne.

ÚEUM Bliain níos faide anonn – Ábhair, Cúraimí agus Mórghníomhartha

Bhain trí phríomhghné le hobair ÚEUM ina chéad bhliain dó ag feidhmiú: an tsraith forbraíochta eile a bhain leis an ngéarchéim airgeadais, an leanúint ar aghaidh leis an gelár don athrú rialála agus an mhaoirseacht ar na GRCanna a chur chun feidhme. D’ainneoin cúrsaí crua ar na margaí ghabh ÚEUM a phríomhról comhordaithe chuige féin i ndáil le maoirseacht mhargaí an AE, lenar áiríodh a bheith gníomhach i mbun monatóireachta ar fhorbairtí agus ar rioscaí, agus gníomh na n-údarás náisiúnta inniúil a chomhordú, go mór mór maidir le díol folamh, tuairisciú airgeadais, micreastruchtúir an mhargaidh agus imréiteach agus socraíocht.

Níor mhoilligh ÚEUM ach oiread agus é ag dul i mbun a ról nua mar bhunaitheoir caighdeán an AE do mhargaí urrús faoi phíosáí éagsúla nó nua reachtaíochta nó faoi phíosáí reachtaíochta a bheidh le hathbhreithniú go luath. Bhain siad seo le margaí (MiFID), a mbonneagar (EMIR), trédhearacht (TD, PD, IFRS) agus feidhmiú ordúil (díol folamh, MAD), le rialacha do rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais amhail GRC (GRC II agus III) agus cistí infheistíochta (UCITS, AIFMD).

Lean ÚEUM dá chuid oibre i ndáil le roinnt na taithí agus na geleachtas is fearr idir maoirseoirí náisiúnta a éascú, go háirithe sa réimse a bhaineann le faireachas an mhargaidh ach freisin i réimsí amhail réamheolairí agus tairiscintí táthcheangail. Bhunaigh an tÚdarás caidreamh oibre atá láidir agus rathúil leis na hÚEManna eile, go déthaobhach agus tríd an gComhchoiste araon, agus le BERS.

Súil ar mhaoirseacht GRCanna, ar bheartas agus ar chosaint na n-infheisteoirí

Rinneadh dul chun cinn go luath ar phríomhchuspóir rialála ÚEUM maidir le maoirseacht fhónta a dhéanamh ar rannpháirtithe an mhargaidh ag a bhfuil clúdach uile-Eorpach sa mhéid, faoi Iúil 2011, gurbh eisean amháin a bhí ina mhaoirseoir ar GRCanna san Eoraip. Faoi dheireadh na bliana, bhí 15 GRC san iomlán, lena n-áirítear príomhghníomhaithe amhail DBRS, Fitch, Moody’s agus Standard & Poor’s cláraithe ag an Údarás, i gcomhar leis na maoirseoirí náisiúnta. Tar éis an chláraithe, rinne ÚEUM a chéad chigireachtaí ar an láthair ag teannadh le deireadh 2011 agus é d’aidhm leo a scrúdú cibé an raibh na GRCanna ag comhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach sa Rialachán maidir le GRCanna.

Caitheadh cuid mhór d’acmhainní ÚEUM ar fhorbairtí nua beartais maidir le ceanglais trádála faoi MiFID, agus bhreithnigh an tÚdarás cibé ar chomhlíon trí thogra nua le haghaidh tarscaoiltí trédhearachta réamhthrádála faoi MiFID an ceanglas, d’fhoilsigh sé a dhearcadh deireanach ar thrádáil ardmhínicíochta (TA) uathoibríthe agus lean sé dá chuid oibre ar thráchtarraí agus ar gach gné den phróiseas athbhreithnithe atá á dhéanamh ar MiFID. I

ndáil le saincheisteanna iarthrádála, mar thoradh ar an treochlár rialála a leag Grúpa an Fhichead amach, rinne ÚEUM obair ullmhúcháin le haghaidh na gcaighdeán teicniúil atá beartaithe maidir leis an rialachán ar dhíorthaigh thar an geantar, Imréiteach na gContrapháirtithe Lárnacha (ICL) agus Stórtha Trádála (An Rialachán um an Bonneagar Margaidh Eorpach - EMIR). I réimse na hearnála bainistíochta cistí de, bunaithe ar na príomhtheoracha maidir le UCITS agus AIFMD, cheap ÚEUM rialacha mionsonraithe do bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha, d'fhorbair sé socruithe praiticiúla le haghaidh trasuí déanach ar Threoir UCITS IV agus thosaigh sé ag breathnú isteach i gCistí arna dTrádáil ar an Malartán agus ar UCITS struchtúraithe lena áirithiú go bhfuil an leibhéal céanna de chosaint na n-infheisteoirí agus de thrédhearcacht an táirge ann do na cistí go léir.

Ábhar tábhachtach eile ar chlár ÚEUM don bhliain 2011 ba ea a áirithiú go mbíonn an leibhéal ceart de thrédhearcacht ann de bharr faisnéise d'ardchaighdeán. Bhí monatóireacht i gceist leis seo mar aon le dearcadh an Údaráis ar na saincheisteanna sin a chur ar a súile do lucht tuairiscithe cúrsaí airgeadais go hidirnáisiúnta agus do chomhlachtaí idirnáisiúnta bunaithe caighdeán. Agus an ról seo á chur de aige, bhí ÚEUM páirteach i bhforbairt na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) agus thug sé tuairimí maidir le saincheisteanna bainteach le cuntasáíocht, amhail CITA a chur i bhfeidhm nuair a bhítear ag déileáil le fiachas ceannasach.

Chomh maith leis an ról beartais tábhachtach sin dá chuid, lean an tÚdarás den obair a bhain le taithí a roinnt agus plé a spreagadh idir na maoirseoirí náisiúnta i dtaobh saincheisteanna ar fhaireachas an mhargaidh agus ar ábhair a bhaineann leis an Réamheolaire agus leis na Teoracha maidir le Trédhearcacht, Tairiscintí Táthcheangail, etc. Rinne an tÚdarás dul chun cinn freisin san obair a bhí ar siúl aige i gcomhar leis na hÚEManna eile agus le BERS.

Ach oiread le cosaint na dtomhaltóirí airgeadais a fheabhsú trí rialacha agus trí cheanglais bhreise d'idirghabhálaithe agus do bhainisteoirí cistí, d'eisigh ÚEUM a chéad rabhadh uile-Eorpach chuig infheisteoirí faoi mhalairt eachtrach. Ba é ba chuspóir leis seo rabhadh a thabhairt d'infheisteoirí agus iad a chur ar an eolas faoi na rioscaí a bhainfeadh, b'fhéidir, le táirgí den sórt.

ÚEUM mar ghníomhaireacht AE

D'fhorbair ÚEUM a eagraíocht inmheánach freisin chomh maith le bheith ag díriú ar an ról atá aige ó thaobh beartais agus maoirseachta de. Áiríodh leis sin rialacha agus nósanna imeachta a cheapadh agus a chur chun feidhme ionas go bhféadfadh rialachas ÚEUM feidhmiú i gceart agus ionas go bhféadfadh sé a dhualgais a chomhlíonadh mar a cheap a

reachtaíocht bhunaitheach dó. Ba iad maoiniú, acmhainní daonna, córais faisnéise (TF) agus lóistíocht na réimsí a clúdaíodh.

Cheap ÚEUM a rialacha agus a nósanna imeachta don eagraíocht agus chuir sé chun feidhme iad ionas go mbeadh sé i gcomhréir le ceanglais an AE – amhail soláthar, íocaíocht agus rialacha earcaíochta. Chabhraigh na nósanna imeachta seo le ÚEUM a fhoireann a mhéadú ó 35 ball foirne in Eanáir 2011 go dtí 100 ball foirne faoi dheireadh 2012, le cois tuilleadh a chur lena bhonneagar. Rinneadh athstruchtúrú ar an eagraíocht inmheánach ar theacht an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin nua in earrach/samhradh na bliana 2011 agus dá thoradh sin bunaíodh líon áirithe rannán agus aonad nua chun na freagrachtaí dlíthiúla atá ar an Údarás a léiriú.

D'éirigh le ÚEUM córas cuntas an AE (ABAC) a chur chun feidhme sa chéad cúpla mí a raibh sé ag feidhmiú agus bhunaigh sé na nósanna imeachta airgeadais ba ghá le go bhféadfadh sé rialacha an AE a leanúint maidir le caiteachas todhchaí a ghealladh agus íocaíochtaí a dhéanamh. Le go bhféadfadh ÚEUM oibriú, ba ghá freisin nósanna imeachta soláthair a chur chun feidhme agus ba ghá próisis dhochta agus thrédhearcacha a leanúint cibé cineál roghnóireachta a dhéanfaí ar sholáthraithe.

I lár 2011, aistríodh ÚEUM as na hoifigí i bPáras go dtí an áit ina bhfuil sé anois, sé sin 103 Rue de Grenelle. Bhí an t-aistriú riachtanach chun fónamh don líon foirne a bhí ag dul i méid agus freisin mar gur theastaigh tuilleadh seomraí cruinnithe chun fónamh do chruinnithe le húdaráis náisiúnta inniúla agus le páirtithe seachtracha, cruinnithe amhail éisteachtaí oscailte mar shampla. Dúshlán lóistíochta ba ea é d'eagraíocht nach raibh i bhfad ar an bhfód ach bogadh gan cur isteach in aon chor ar riar an ghnó.

Bhí na dúshlán lóistíochta laethúla a bhaineann le heagraíocht a bhíonn ag fás go tréan sách suntasach, agus dúshlán TF san áireamh. Seachas sin, lean an tÚdarás air ag reáchtáil an bhunachair shonraí thras-Eorpaigh le haghaidh tuarascálacha ar idirbhearta agus d'fhorbair sé réiteach rathúil TF chun rátálacha stairiúla GRC a fhoilsiú. Bhí an dul chun cinn ar líon áirithe de thionscadail TF eile níos moille ná mar a ceapadh de dheasca na moilleanna suntasacha sna próisis reachtacha, i réimse na ndíorthach thar an gcuntar, mar shampla.